



## An aimsir láithreach (Téacsleabhar Ich 266)

Tá sé [aidiacht (*adjective*)].Is [ainmfhocal (*noun*)] é.

An briathar <i>be</i>			
Tá (rud sealadach <sup>1</sup> )		Is (rud buan <sup>2</sup> )	
Feidhmeanna <sup>3</sup>			
1 Tá mé dhá bhliain déag d'aois.	aois	a Taylor is ainm dom.	ainm
2 Tá mé ar scoil.	suíomh <sup>4</sup>	b Is múinteoir é.	post
3 Tá fearg orm.	mothúcháin	c Is maith liom an Ghaeilge.	roghanna <sup>5</sup>
4 Tá an liathróid agam.	seilbh <sup>6</sup>	d Is liomsa an liathróid.	úinéireacht <sup>7</sup>
5 Tá an scoil níos sine ná mise.	breischéim (mar shampla, <i>older</i> )	e Is mise an duine is sine sa scoil.	sárc héim (mar shampla, <i>oldest</i> )

Baineann *tá* le rudaí sealadacha (de ghnáth) – mar shampla, aois, am agus áit.

**Sampla:** Tá mé san oifig.

Baineann *is* le rudaí seasta, nó buan, den chuid is mó.





**Sampla:** Is dalta mé.

### Tábhacht an dá fhocal seo

Is é an briathar *bí* an dara focal is coitianta sa Ghaeilge (foinse: potafocal.com).

Is í an chopail, *is*, an cúigiú focal is coitianta sa Ghaeilge (foinse: potafocal.com).

Is é an difear idir an dá fhocal ná croí na Gaeilge!

	Tá	Is
	Tá sé sásta.	Is múinteoir í.
	Níl sé sásta.	Ní múinteoir í.
	An bhfuil sé sásta?	An múinteoir í?
	Nach bhfuil sé sásta?	Nach múinteoir í?

1 temporary

3 functions

5 preferences

7 ownership

2 permanent

4 location

6 possession

## Léaráid A, Cuid 2: Na briathra rialta

 Na briathra rialta sna trí aimsir shimplí (Téacsleabhar Ich 268)

An aimsir chaite		An aimsir láithreach	An aimsir fháistineach	
mise	muid/sinn	mise (muid/sinn (+ id))	mise	muid/sinn
d'fhéach mé ar	d'fhéachamar ar	féachaim(id) ar	féachfaidh mé ar	féachfaimid ar
ghlan mé	ghlanamar	glanaim(id)	glanfaidh mé	glanfaimid
d'ól mé	d'ólar	ólaim(id)	ólfaidh mé	ólfaimid
phioc mé	phiocamar	piocaim(id)	piocfaidh mé	piocfaimid
chaith mé	chaitheamar	caithim(id)	caithfidh mé	caithfimid
chuir mé	chuireamar	cuirim(id)	cuirfidh mé	cuirfimid
d'éist mé le	d'éisteamar le	éistim(id) le	éistfidh mé le	éistfimid le
sheinn mé	sheinneamar	seinnim(id)	seinnfidh mé	seinnfimid
labhair mé	labhraíomar	labhraím(id)	labhróidh mé	labhróimid
rothaigh mé	rothaíomar	rothaím(id)*	rothóidh mé	rothóimid
thosaigh mé	thosaíomar	tosaím(id)	tosóidh mé	tosóimid
d'ullmhaigh mé	d'ullmhaíomar	ullmhaím(id)	ullmhóidh mé	ullmhóimid
bhailigh mé	bhailíomar	bailím(id)**	baileoidh mé	baileoimid
d'éirigh mé	d'éiríomar	éirím(id)	éireoidh mé	éireoimid
d'fhreagair mé	d'fhreagraíomar	freagraím(id)	freagróidh mé	freagróimid
d'imir mé	d'imríomar	imrím(id)***	imreoidh mé	imreoimid

\* fréamh = *roth* (leathan)

\*\* fréamh = *bail* (caol)

\*\*\* fréamh = *imr* (caol)



**Cogar** To change a verb from *I* to *we* in the present tense, just add *-id*.  
For example: *glanaim* (I clean) → *glanaimid* (we clean).